

# ❖ An Lúibín ❖

9 Lúnasa 2021

## **Tumseachtain agus nuachaintoírí**

*Irish speakers and learners in Canada and North America generally are being invited to an immersion weekend. Canada also has its own Oireachtas coming up. This must lead to reflection on what it is to be a 'new speaker' of Irish.*

Tá sé fogartha go mbeidh Tumsheachtain Samhraidh na Gaeltachta ar siúl i gCeanada i Mí Lúnasa 2021. Beidh ranganna Ghaeilge ar siúl go ceann cúig lá agus iad a múineadh ag múinteoirí líofa. Tabharfaidh ceardlanna cultúrtha seans do na foghlaimeoirí a gcuid scileanna teanga a chleachtadh lasmuigh den seomra ranga. Is é an sprioc atá acu go mbeidh foghlaimeoirí ar a suaimhneas ag cleachtadh a gcuid Gaeilge in atmaisféar gan stró. Clárú ar líne: [tumseachtain-samhraidh-2021.eventbrite.ca](http://tumseachtain-samhraidh-2021.eventbrite.ca). Tá breis eolais le fáil ag [info@gaeilge.ca](mailto:info@gaeilge.ca).

Beidh Oireachtas Gaeilge Cheanada ar siúl ar an 14ú Lúnasa 2021. Ní mór clárú ar leith a dhéanamh ina chomhair.

Tá sé soiléir go bhfuil saol na Gaeilge níos bríomhaire i gCeanada (agus i Meiriceá Thuaidh i gcoitinne) ná mar atá sé san Astráil, rud a tharraingíonn anuas ceist na bhfoghlaimeoirí. De shíolrach Éireannach a lán acu, ach tá a lán eile ann nach bhfuil baint acu leis an oileán iathghlas, agus tharraing sin aird na dtaighdeoirí. Orthu sin tá Jonathan Giles.<sup>1</sup> Deir seisean gur minic a deir daoine ó chúlra neamh-Éireannach go bhfuil siad ag foghlaim Gaeilge mar chaitheamh aimsire, murab ionann is daoine a fáisceadh as muintir Éireannach agus a shamhlaíonn an teanga leis an muintir sin. Is minic dream úd an chaithimh aimsire ina gcainteoirí líofa agus iad páirteach i ngréasán na Gaeilge le fada an lá. Bhaineann siad barantúlacht as seandacht na teanga agus as a bheith ina gceoltoirí nó saineolas a bheith acu ar chúrsaí teanga agus cultúir.

Mar a deir na taighdeoirí Bernadette O'Rourke agus John Walsh, tá an díospóireacht faoi athbheochan na Gaeilge ag brath go mór ar idé-eolaíocht an chainteora dúchais, mar atá i gcás a lán mionteangacha eile.<sup>2</sup> Ba ghá é seo a dhéanamh minic go leor chun fíntacht a chur i leith na cainte traidisiúnta tar éis gur tugadh céim síos di. Tá stair ag baint leis seo: thuig lucht athbheochana sa 19ú haois gurbh éigean leas a bhaint as tuiscint áirithe ar an dúchas chun údar a thabhairt leis an athbheochan féin agus iad ag baint feidhm as tionscadal tarrthála an rómánsachais.

Is fios do chách anois, i bhfianaise mheath na Gaeltachta (tógán idé-eolaíoch eile), gurb iad na Gaeilgeoirí cathrach atá ag teacht i réim i saol na Gaeilge agus nasc suntasach idir oideachas, dearcadh ar an teanga, cumas cainte agus úsáid na teanga. Tá baint ag cúrsaí aicmíochta leis an scéal, mar sin, agus is í an mheánaicme an taca is mó ag an teanga – cainteoirí a áirítear mar 10%, b'fhéidir, de mhuintear na hÉireann. Mar sin atá an scéal ag nuachaintoírí mionteangacha eile, tríd is tríd.

Más nuachaintoír teanga thú caithfidh tú sainiúlacht nua agus pobal nua a chumadh. Ní foláir duit leas a bhaint as ócáid oiriúnach ar bith chun an teanga a úsáid agus gan slua cainteoirí ar fáil. Tá an-éagsúlacht ag baint leis na nuachaintoírí: ní gá go mbeadh suim acu go léir sa Ghaeltacht ná go mbeidís go léir sáite sa teanga; ach baineann siad feidhm aisti ar a slí féin agus coinníonn siad beo í. Tá *An Lúibín* agus a léitheoirí ina gcomhartha air sin.



## **An Bhriotáinis, sean agus nua**

*Breton, a Celtic language still spoken in the west of France, now has a stronger official status than ever before. But the standardised version favoured by revivalists is heavily influenced by French in pronunciation and idiom. Only here and there is traditional Breton encouraged.*

<sup>1</sup> Jonathan Giles, "No, it is a hobby for me": Examining the motivations of non-Irish learners of the Irish language in North America, *Language & Communication*, Volume 47, Márta 2016, lgh 135-143.

<sup>2</sup> Bernadette O'Rourke, John Walsh. *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* Routledge, 2020.

I mbliana rith Tionól Náisiúnta na Fraince bille a bhfuil sé de chuspóir aige teangacha réigiúnacha na tíre a chosaint agus a chothú. Is é an Briotánach Paul Molac a dhreachtaiigh é. Go dtí ansin bhí tagairt do na teangacha sin sa Bhunreacht ach níor áiríodh mar theangacha oifigiúla iad.

Cuideoidh an dlí nua leo siúd atá ag iarraidh an Bhriotáinis (teanga Cheilteach a bhí láidir go leor anuas go dtí an Chéad Chogadh Domhanda) a neartú. Ach mar is gnách, scéal casta é. Mar a deir an scoláire Nicolas Travers (agus ní heisean amháin a deir é), tá dhá Bhriotáinis ann:

- a) An Bhriotáinis thraidisiúnta, teanga an-saibhir atá an-difriúil leis an bhFraincis i dtaca le comhréir agus le friotal, ach a bhfuil a lán focal inti a tógadh ón bhFraincis (go háirithe focail a bhaineann le cúrsaí an tsaoil chomhaimseartha). Tá sí ag meath de réir mar a imíonn na seandaoine.
- b) An 'nua-Bhriotáinis' atá á labhairt ag na gníomhaithe teanga (*les militants*), dream a dhiúltaíonn d'fhocail ón bhFraincis ach a ghlacann (i ngan fhios dóibh féin) le cora cainte a thógtar ón bhFraincis amháin. D'fhoghlaim formhór na ndíograiseoirí seo a gcuid Briotáinise mar theanga neamhdhúchais agus níor thug siad mórán airde riamh ar an teanga traidisiúnta. Is í an nua-Bhriotáinis is mó a mhúintear agus a scríobhtar, agus ar éigean atá aon cheann de shaintréithe suntasacha na teanga le haithint uirthi.

Tá gréasán de scoileanna lán-Bhriotáinise ó na 1970idí i leith agus is maith ann iad, ach is í an nua-Bhriotáinis a mhúintear i bhformhór mór na scoileanna seo agus is minic nach mbíonn na múinteoirí ró-oilte. Níl de struchtúr ná d'údaráis theangeolaíoch ann chun a chinntiú go bhfuil máistreacht ag na múinteoirí ar an teanga.

Mar sin féin, déanann an Aireacht Cultúir agus Réigiún na Briotáine maoiniú a thabhairt d'eagraíochtaí cultúrtha atá an chun an teanga a chur chun cinn. Na daoine atá i gceannas na n-eagraíochtaí sin is náisiúnaithe agus cainteoirí nua-Bhriotáinise iad agus fágann siad an Bhriotáinis thraidisiúnta in áit na leathphingine. Tá roinnt bheag dreamanna neamhspleácha ann a dhéanann a ndícheall an Bhriotáinis thraidisiúnta a chothú sna sráidbhailte agus sna bailte beaga tríd an raidió áitiúil agus trí chúrsaí tráthnóna.

Tá roinnt scríbhneoirí Briotáinise ann, leithéidí Yann-Ber Kalloc'h, Anjela Duval agus go háirithe Pierre-Jakez Hélias, a bhain clú amach dóibh féin, ach bhí siad ar na scríbhneoirí deireanacha a raibh an Bhriotáinise mar theanga dhúchais acu agus a rian sin ar shaibhreas a bhfriotalail.

Is féidir linn an scéal seo a chur i gcomórtas le scéal na Gaeilge sna cathracha. Ní gá duit ach éisteacht le comhrá idir cainteoir traidisiúnta agus Gaeilgeoir ar Raidio na Gaeltachta (agus is iomaí agallamh den chineál sin ann) chun na tuineacha difriúla a thabhairt faoi deara agus tionchar Bhéarla na hÉireann le haithint ar chanúint an Ghaeilgeora. Tá tuin cathrach ar chaint na gcainteoirí óga dúchais féin anois – an méid acu atá ann. Chun cor a chur sa scéal, is fada an Ghaeilge ag dul i bhfeidhm ar Bhéarla na hÉireann i dtaca le fuaimniú agus le comhréir.

Guímis rath don Bhriotáinis, d'ainneoin na ngníomhaithe atá (dá n-ainneoin féin, más fíor) ag fágáil cneas Fraincise uirthi. B'fhearr dóibh fillleadh ar an bhfoinse fad is a bheidh an fhoinse ann, rud ab fhéidir a dhéanamh gan diúltú don nuachóiriú.

*Féach*

Nicolas Travers, 'La langue bretonne,' 9 juillet 2015, Chewbii.com: <https://chewbii.com/la-langue-bretonne/>



### **An chlann gan Ghaeilge**

*Recent research has confirmed that relatively few children in Gaeltacht households are being raised with Irish, even in those few Gaeltacht districts where Irish is still commonly spoken. The reasons were discussed in a report made as long ago as 2007.*

Tá blas mistiúil ar an bhfocal 'Gaeltacht' – blas an rómánsachais agus na hidé-eolaíochta - agus tá daoine ann a déarfadh leat gur mithid fáil réidh leis an mistiúlacht úd. D'eascair adhradh na Gaeltachta mar fhoinse bharantúlachta ó ré atá imithe anois. Tá an Ghaeltacht ann fós (seoid an dúchais, ar mh'anam) ach tá sí thar

taomadh. Fiu mura bhfuil deireadh dúile bainte fós agat di, cuirfidh an nuacht is déanaí smúit na gruama ort (mura bhfuil tú réadúil).

Seo an nuacht: níl ach 23% de theaghlaigh sa Ghaeltacht ag tógáil a gclann le Gaeilge. Tá 12,586 teaghlach sa Ghaeltacht agus níl Gaeilge á labhairt ach ag 2,889 go laethúil. Tá an Béarla i réim sa chuid is mó den Ghaeltacht oifigiúil le fada an lá agus ní cúis iontais toradh an taighde óna thaobh sin de; ach is léir freisin go bhfuil laghdu tagtha ar úsáid na teanga fiú sna ceantair Ghaeilge is láidre. Ar an gCeathrú Rua agus i gCeantar na nOileán i gContae na Gaillimhe is mó atá teaghlaigh le Gaeilge le fáil agus níos mó ná 50% de na páistí ag labhairt Gaeilge gach lá.

Tá an scéal sin (a fuair scaipeadh forleathan) le fáil in ‘Staidéar ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht,’ tuarascáil leis an Dr Neasa Ní Chuaig, an Dr Conchúr Ó Brolcháin, an Dr TJ Ó Ceallaigh agus an Dr Karen Ní Chlochasaigh ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Ach ní féidir na figiúirí a thuiscint mar is ceart gan tagairt a dhéanamh do thuarascáil eile: ‘Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach (2007)’ le Conchúr Ó Giollagáin, Joe Mac Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin agus Aoife Ní Sheaghdha.<sup>3</sup> I gcanúint chnapánach acadúil atá sí scríofa, ach déanaimis soiléir í.

Tá baint mhór ag an aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla leis an gcaidreamh atá ag pobal na Gaeltachta le gréasáin réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus comhdhéanamh an phobail ag athrú dá réir. Ina theannta sin, tá ceantair áirithe in aice bailte, ceantair atá áisiúil mar áit lonnaíochta do dhaoine a bhaineann leis na bailte sin. Tá limistéir eile Ghaeltachta ag teacht faoi bhrú agus tarraingt turasóirí orthu. Tá ráchairt mhór ar thithe saoire iontu.

Tá a lán daoine ón taobh amuigh tar éis bogadh isteach sna limistéir Ghaeltachta. Is dócha go bhfuil Gaeilge ag cuid acu seo ach is féidir glacadh leis nach labhraíonn a bhformhór an teanga. Tá fianaise ann go bhfuil a leithéidí sin níos líonmháire i measc thuismitheoirí óga na Gaeltachta.

Tá buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta le baint ag na limistéir Ghaeltachta as méadú an phobail. Ach ní mar a chéile méadú pobail agus neartú na Gaeilge. Is dócha nach mór don teanga a bheith á húsáid ag os cionn 67% den phobal chun í a choinneáil beo mar theanga phobail, agus is olc an mana don teanga sa Ghaeltacht dá bharr.

In 2007 rugadh nó tógadh an ceathrú cuid de na daltaí i scoileanna Gaeltachta lasmuigh den Ghaeltacht. Cuirimis leo sin na daltaí atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta ach a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht, agus na daltaí atá á dtógáil le Béarla : sin 46% de na leanaí scoile sna ceantair Ghaeltachta is láidre ag teacht chun na scoile gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge.

Bíonn Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí ag fágáil na scoile dóibh, ach ní fearr iad ná na daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Agus níl ag éirí le scoileanna Gaeltachta cainteoirí gníomhacha Gaeilge a dhéanamh de na daltaí a thagann chun na scoile gan aon Ghaeilge. Tá fianaise ann gurb é a mhalairt atá ag titim amach - go dtreisiúnn an timpeallacht oideachais úsáid an Bhéarla ag daltaí atá á dtógáil le Gaeilge.

Sin é an scéal mar a bhí sé in 2007 agus atá go fóill. Is féidir a áitiú anois nach bhfuil de Ghaeltacht ann ach roinnt teaghlach a labhraíonn níos mó Gaeilge ná Béarla. Fiú na bpáistí a thógtar le Gaeilge géillfidh siad don Bhéarla luath nó mall. Seo againn bás samháltain ar chruthaigh lucht Athbheochana é agus iad ar thóir na barantúlachta. Ach tá an bharantúlacht níos scaoilte anois; ní féidir í a cheangal le haon áit amháin. Tá sí le fáil i mBaile Átha Cliath, in Minnesota, in Melbourne, in áit ar bith a bhfuil Gaeilgeoirí le fáil agus fonn orthu an teanga a shaothrú. Ach leanfaidh daoine orthu ag coineadh na seoide a bhí, agus ní shéanfaí nach raibh an tseoid sin ann.



#### Mionfhicsean<sup>4</sup>

*Very short stories ('flash fiction') have been around for a long time. Now there is a journal that publishes them in Irish as well as English.*

Mearfhicsean - saothair an-ghearra a léiríonn meon agus eachtraí i mbeagán focal. *Microrrelatos, Kürzestgeschichten, micronouvelles, malaya proza (малая проза), flash fiction.* B'fhéidir go mbeadh na scéalta cúig chéad focal ar fad, b'fhéidir nach mbeadh iontu ach sé fhocal. Aithníodh an mionfhicsean mar sheánra sna 1920idí – an gearrscéal gearr – agus samplaí á scríobh ina lán teangacha. Sin mar atá an scéal go fóill.

Déarfá go bhfuil gaol éigin ag an mionfhicsean leis an liric – gontacht, tathag, dianbhraistint. Foirm sholúbtha í agus í oiriúnach don mhearshúil, cé go ndlitear athléamh don chuid is fearr de.

<sup>3</sup> <https://pdfslide.net/documents/staidear-cuimsitheach-teangeolaioch-ar-usaid-na-gaeilge-sa-ghaeltacht.html>

<sup>4</sup> Is fearr linn an focal seo ná ‘mearfhicsean,’ an leagan oifigiúil, agus é bunaithe ar an mBéarla.

Dá mhéad éileamh atá ar mhionfhicsean, is annamh atá sé le fáil i nGaeilge. Tá athrú ag teacht air sin. In 2019 chuir Nuala O'Connor *Splonk* ar bun in Éirinn, iris dhátheangach ar líne atá le fáil mar pdf chomh maith. Ó 'splanc' a thagann an t-ainm. Tá fáilte roimh gach cineál mionfhicsin – saothar trialach nó comhghnásach, saothar aisteach nó stairiúil nó greannmhar.

Féach [www.splonk.ie](http://www.splonk.ie). Tá treoir ann dóibh siúd ar mian leo scealta a chur isteach, agus tá giolcaireacht le leanúint ag Twitter @Splonk1.

Féach freisin 'Splonk, the sparky bi-lingual journal for flash fiction': <https://booksirelandmagazine.com/splonk-the-sparky-bi-lingual-journal-for-flash-fiction/>.



## An Timpeallacht

### Dea-scéal

*Scientists now say that, if emissions are reduced to zero, global warming will cease altogether, without taking decades or centuries to wind down.*

Glactar go forleathan leis go leanfaidh an aeráid uirthi ag téamh, beag beann ar laghdú astúchán. Déanann na samhlacha is coitianta talamh slán de go bhfanadh an méid gáis ceaptha teasa gan athrú san atmaisféar go ceann i bhfad, rud a chothóidh leá oighir, tinte, tuilte agus ardú farraige.

Anois tá taighde nua déanta. Má éiríonn linn deireadh iomlán a chur le hastúcháin, a deir na heolaithe, beidh deireadh leis an téamh i gceann deich mbliana. Bhí an tseantuarim bunaithe ar shamhlacha nár chuir lánchosc ar astúcháin san áireamh.

Ní fios an bhfuil sé ar ár gcumas an lánchosc sin a dhéanamh. Tá, go teoiriciúil; ach is mór idir sin agus an gníomh a chur i bhfeidhm. Beidh moill ar an ngníomh sin, mar is gnách, de thoradh cúrsaí polaitíochta, sainghrúpaí gnó agus neamhaird ar an bpráinn. Dá ndéanfaí tréaniarracht bheadh clochlú ann, ach tá nádúr an tsaoil agus an duine ina bhac orainn.

### Baol san aigéan

*If climate change is not reduced quickly enough, there is a risk that its effects could hinder the circulation of Atlantic currents, which in turn would have an enormous effect on global weather.*

Tá córas mór sruthanna san Aigéan Atlantach, agus Sruth na Murascaille san áireamh, agus é curtha as a riocht ag an athrú aeráide, de réir staidéar nua. Má théann an córas sin amú ar fad tiocfaidh athrú an-mhór ar an aimsir ar fud an domhain.

Déanann an Chúrsaíocht Atlantach Fhadlíneach Iompaíthe sáile te a thabhairt léi ó thuaidh ón Teochrios ar dhromchla an aigéin agus uisce fuar a thabhairt ó dheas in íochtar an aigéin. Dá stadfaidh an chúrsaíocht seo bheadh súil agat le fuacht ollmhór san Eoraip agus i gcuid de Mheiriceá Thuaidh, ardú farraige agus cur isteach mór ar na monsúin a bhfuil an oiread sin daoine ag brath orthu. Tá fianaise ann gur tharla seo cheana fadó, rud ba chúis le teochtaí luaineacha agus athruithe aimsire eile.

Deirtear nach athrú sealadach cúrsaíochta atá i gceist anseo ach cliseadh bunseasmhachta, agus is dócha go bhfuil an córas ag druidim le tairseach chriticiúil. Is iad an cúiseanna atá leis téamh an Aigéin Atlantaigh, leá an oighir mhara, breis báistí agus breis reatha chun srutha, agus leá oighearchlúid na Gríonlainne. Tá fíoruisce níos éadroime ná sáile agus bacann sin claonadh an uisce chun dul síos go domhain, mar a gcuidíonn sé le hiompú agus le cúrsaíocht.

An dea-scéal: tá an t-am againn fós chun an tubaiste a sheachaint trí shrian a chur le hastúcháin – fiú mura srianú iomlán é.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Trí mionscéalta le Colin Ryan. Gearrscéalta leis foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht (2015, 2019).**

### **Poll**

D'éirigh sí amach as an traein lena rothar. Í ag imeacht roimpi idir chlaíocha, idir chrainn bhreaca; lean na caoirigh orthu ag iníor agus thóg capall a cheann lena scrúdú. Labhair snag breac agus fiach, labhair an ghaoth.

I gcúl cnoic a bhí an reilig. Chuaigh sí suas idir na huaigheanna, idir crosa agus aingil. Ní raibh aon duine ann chun cuidiú leis an adhlacadh, fiú an tsagairt; ansin chonaic sí a duine ina sheasamh cois poill. D'fhógair sé gur bheag an rud ba bhuaine ná an duine, gur ghearr ár raon anseo agus nár thug rud ar bith ach seal. D'iarr sé uirthi a chat a bheathú. Dúirt sé go raibh a chuid focal ídithe ag an saol (cé gurbh fhile é). Ansin thit sé i ndiaidh a chinn isteach sa pholl.

Líon sí an poll le cré agus súile a duine ar oscailt fós, iad lán de luaineacht na spéire. Labhair an snag breac agus an fiach, labhair an ghaoth. Ag imeacht di chonaic sí an cat agus é ag téaltú aniar idir cros agus aingeal, ar lorg creiche.

### **Hata**

An bhfuil tú ag marú éisc? a dúirt an gearrchaile. Bhí hata leathan buí uirthi.

Táim, a dúirt fear na slaite agus é ina shuí ar an gcarraig. Cáitheadh na farraige aníos chuige, na tonnta ag déanamh ionsaí, ag cúlú, ag teacht arís.

Ba cheart duit gan cur isteach ar an iasc, a dúirt an gearrchaile. Cá fhad atá tú anseo?

Leis na céadta bliain, a dúirt an fear agus an fharraige ag fliuchadh a chos, ach breac ná breac níor tháinig an bealach fós.

Fanfaidh mé anseo leat, a dúirt an gearrchaile agus greim aici ar a hata ar eagla na gaoithe.

Fáilte romhat, a dúirt fear na slaite, ach ba chóir gan fanacht rófhada. Tá borradh san fharraige.

D'fhan siad ann agus na tonnta ina múr glas geal os a gcomhair amach. Tháinig lúb sa tslat.

Féach! a dúirt an fear. Tá ceann gafa agam, an chéad cheann riamh.

Tharraing sé go tréan, tharraing sé na tonnta chuige, an múr glas geal. Spleodar na mara ina dtimpeall, búiríl agus scrios.

An hata siar is aniar ar an uisce, siar is aniar, ag druidim go mall leis an trá.

### **Ina dhiaidh sin**

Shíl sé ina dhiaidh sin gur chóir dó a rá léi go raibh sé splanctha ina diaidh tráth dá shaol. Ach bhí sí imithe, í ina duine den táin a bhí ag dul faoi thalamh faoi dheifir, áit a raibh na traenacha ag fanacht.